



ACMHAINN 5

Treoir Bolkestein

Is é atá i dTreoir Bolkestein (ar a dtugtar freisin, an Treoir maidir le Seirbhísí sa Mhargadh Inmheánach) ná dlí a ritheadh in AE in 2006 agus lenar cruthaíodh margadh aonair le haghaidh seirbhísí agus a thug cead d'oibrithe Eorpacha saorghluaiseacht laistigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun poist a fháil. Bhí an dlí nua seo conspóideach mar go raibh imní ar go leor oibrithe in Iarthar na hEorpa go mbeadh buntáiste míchothrom ag oibrithe imirceacha ó Oirthear na hEorpa orthu mar nach ngearrfadh siadsan an méid céanna as a gcuid seirbhísí agus mar thoradh air sin go laghdófaí na praghsanna go mór ar mhuintir an Iarthair. Bhí oll-agóidí ann, agus tháinig beagnach 100 000 le chéile sa Bhruiséil an 21 Márta 2005 mar léirsiú in aghaidh na Treorach. Cuireadh an dlí nua chun feidhme i ngach ceann de Bhallstáit AE an 28 Nollaig 2009.

Tá an Treoir ainmnithe i ndiaidh Frederik 'Frits' Bolkestein, a bhí ina Choimisinéir Eorpach ag an am agus arb é a bhí ag mairsiú thabhairt isteach na Treorach.

'An pluiméir Polannach' ag sméideadh ar na Francaigh

Cruthaigh bord turasóireachta na Polainne íomhá mhealltach de phluiméir Polannach mar bheart chun seasamh in aghaidh na cainte san aer a bhí ag teacht ón bhFrainc maidir le hoibrithe as oirthear na hEorpa.

Bhí 'an pluiméir Polannach' – siombail de shaothar ar bheagán tuarastail – ina nath seanchaite ag lucht tacaíochta 'Níl' na Fraince le linn an reifrinn ar na mbunreacht don Aontas Eorpach.

'Táimse ag fanacht sa Pholainn – buailigí aniar chugainn,' a deirtear san fhógra nua seo ar láithreán gréasáin bhord turasóireachta na Polainne atá dírithe ar chuariteoirí ón bhFrainc

Tá teachtaireachtaí ar an láithreán ó léitheoirí Francacha agus moladh acu don ghreann atá san fhógra.

Dar le Elzbieta Janik, urlabhraí ó bhord turasóireachta na Polainne, bhí sí féin agus a chomhghleacaithe 'cráite ag an íomhá dhiúltach den Pholainn a bhí in úsáid ag polaiteoirí ... chun go bhféadfaidís na fadhbanna polaitiúla a bhí ann dáiríre a sheachaint'.

Íomhá a athchruthú as an nua

Chuir ceanncheathrú an bhoird turasóireachta i Vársá an fógra ar fáil, a deir sí ar láithreán gréasáin BBC News, 'chun cabhrú linn íomhá dhearfach a chruthú den Pholainn'.

'Bhí lipéad brúite anonn orainn, nach raibh tuillte againn. Tar éis an tsaoil, tá neart saor cloiche as an Spáinn sa Fhrainc, chomh maith le hoibrithe as an bPortaingéil ...'

'Freagairt bharrúil a bhí anseo ar dhíospóireacht pholaitiúil. Bhíomar ag iarraidh a rá leis na Francaigh: "In ainneoin nach é an dea-fhocal atá agaibh faoin bPolainn, fós féin tá fáilte romhaibh",' a deir sí.


Dúirt sí freisin go mb'fhéidir go ndéanfaí póstaer agus T-léinte ar a mbeadh an íomhá sin den phluiméir dóighiúil Polannach.

'Bhí daoine as an bhFrainc ag gaoch orainn chun comhghairdeas a dhéanamh linn ina thaobh seo. Dúirt siad linn: "Ní leibidí sinn, tá a fhios againn nach ar phluiméirí na Polainne atá an locht", a dúirt sí.



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Foinse: [BBC News](#)



Íomhá nua den ‘phluiméir Polannach’: Freagairt láidir barrúil ón oirthear

Foinse: [BBC News](#) © Polish Tourist Organisation

D’fhéach Frederik Bolestein, Coimisinéir AE, leis an athchóiriú a bhí beartaithe aige a chosaint, á rá gur mhaith leis dá bhfeicfeadh sé pluiméirí ón bPolainn ag cur isteach ar phoist ina cheantar féin ‘mar go bhfuil sé an-deacair leictreoir nó pluiméir a fháil san áit ina bhfuil mise i mo chónaí i dtuaisceart na Fraince’.

Rinneadh cáineadh géar sa Fhrainc ar an méid sin. Ba é Rémi Pavros a bhí ina mhéara ar Maubeuge, an baile is mó atá in aice leis an áit ina raibh cónaí ar Bolkestein sa Fhrainc, agus sheol seisean litir oscailte chuig an iar-Choimisinéir á rá leis go raibh, ar a laghad, 13 leictreoir agus pluiméir le fáil go háitiúil de réir an eolaí teileafóin.

Foinse: [Privatizationbarometer](#)